



C/2024/4435

22.7.2024

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Cúigiú Dlísheomra) an 6 Meitheamh 2024 (tarchur chun réamhrialú ó Okresný súd Bratislava II – an tSlóvaic) – INGSTEEL spol. s. r. o. v Úrad pre verejné obstarávanie

(Cás C-547/22 ⁽¹⁾, INGSTEEL)

(Tarchur chun réamhrialú – Nósanna imeachta athbhreithnithe chun conarthaí soláthair phoiblí agus oibreacha poiblí a dhámhachtain – Treoir 89/665/CEE – Airteagal 2(1)(c) – Dámhachtana damáistí go tairgeoir díshealbhaithe go neamhdhleathach ó nós imeachta soláthair phoiblí – Raon feidhme – Caillteanas deise)

(C/2024/4435)

Teanga an cháis: an tSlóvaicis

An chúirt a rinne an tarchur

Okresný súd Bratislava II

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: INGSTEEL spol. s. r. o.

Cosantóir: Úrad pre verejné obstarávanie

An chuid oibríochtúil

Maidir le hAirteagal 2(1)(c) de Treoir 89/665/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1989 maidir le comhordú na ndlíthe, na rialachán agus na bhforálacha riaracháin a bhaineann le cur i bhfeidhm nósanna imeachta athbhreithnithe ar dhámhachtain conarthaí soláthair agus oibreacha poiblí, arna leasú le Treoir 2007/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2007,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta nó ar chleachtas náisiúnta trí phrionsabal a eisiamh, trí phrionsabal, an fhéidearthacht do thairgeoir díshealbhaithe ó nós imeachta soláthair phoiblí de bharr cinneadh neamhdhleathach ó údarás conarthach ar íocaíocht i leith an damáiste a d'fhulaing an tairgeoir mar gheall ar chaillteanas deise chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta sin chun an tsoláthair lena mbaineann a fháil.

⁽¹⁾ IO C 432, 14.11.2022.